4.14 Fógra Príobháideachais maidir le ráiteas um sochar pinsin a phróiseáil

Cuspóir

Is é/iad seo a leanas an cuspóir/na cuspóirí a phróiseálann an Roinn do chuid sonraí agus/nó sonraí do linbh

- Ráiteas um sochar pinsin a phróiseáil le haghaidh ball den scéim pinsin
- Cuntasóireacht agus iniúchóireacht le haghaidh Caiteachais Phoiblí

Bonn dleathach

https://www.education.ie/en/Education-Staff/Services/Retirement-Pensions/Teaching-Staff/data-protection/data-protection-and-your-pension.html

- ACHT OIFIG AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE (LEASÚ), 1993

Sa chás nach gcuireann tú na sonraí a iarrtar ar fáil ní féidir d'iarratas a phróiseáil de réir na Scéime.

Foinse

- Eagraíochtaí sa tSeirbhís Phoiblí

Catagóirí damhnaí sonraí

- Múinteoir
- Cúntóir Riachtanas Speisialta (CRS)
- Oifigeach cléireachais / Rúnaithe Scoile
- Airígh
- Céilí agus leanaí ball atá marbh

Catagóirí sonraí pearsanta

- Aitheantas
- Sonraí Teagmhála
- Dáta Breithe
- Tuarastal
- Gnáthaois Scoir

Tuilleadh Próiseála

Nuair a bhíonn sé ar intinn ag an Roinn tuilleadh próiseála a dhéanamh ar do shonraí nó sonraí do linbh ar chúiseanna eile nach luaitear thuas, cuirfidh an Roinn ar an eolas thú maidir leis an gcúis taobh thiar den phróiseáil bhreise agus cuirfidh siad aonl eolas e ábhartha breise ar fáil maidir leis an bpróiseáil agus do chearta cosanta sonraí.

Tréimhse stórála

Coinneofar na sonraí a phróiseáltar ar feadh tréimhse a fhad le 80 bliain ionas gur féidir caiteachais chiste phoiblí a iniúchadh agus beidh siad faoi réir athbhreithniúcháin ina dhiaidh sin.

Tríú Tír

Ní aistreofar aon chuid de do shonraí ná sonraí do linbh ná sonraí do theagascóra chuig tríú tír lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch i.. an tAontas Eorpach agus an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin.

Cearta Ábhar Sonraí

Lean https://www.education.ie/ein/The-Roinn/Sonraíocht-Cumhdach/Faisnéis.html

chun eolas a fháil ar do chearta rochtana ar do shonraí agus ar shonraí do linbh.

Is féidir leat do chearta a chleachtadh chun do chuid sonraí a leasú, iarracht a dhéanamh srian a chur ar an mbealach a bhféadfaí iad a phróiseáil nó gearán a dhéanamh faoin mbealach ar féidir iad a phróiseáil. Ní bhainfear úsáid as do shonraí ná as sonraí do linbh le haghaidh cinnteoireacht uathoibrithe ná próifíliú, féach http://gdprandyou.ie/wp-content/uploads/2018/03/Rights-of-Individuals-under-the-General-Data-Protection-Regulation.pdf le haghaidh Treoir an Choimisinéara um Chosaint Sonraí maidir le Cearta Ábhar Sonraí.

Cé go bhfuil an ceart agat iarraidh go scriosfar do shonraí nó sonraí do linbh , tá an fhéidearthacht ann nach mbeidh an Roinn in ann glacadh le d'iarratas más lú ná 80 bliain é ó chuir tú d'iarratas isteach d'fhonn an cuspóir seo. Tá an fhéidearthacht ann nach mbeidh an Roinn in ann gníomhú ar do thoil go scriosfar do shonraí má tá siad faoi réir an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986 agus mura bhfuilaon ordú déanta chun an chatagóir sonraí a scriosadh de réir an Achta sin, féach treoir ón gCartlann Náisiúnta

http://www.nationalarchives.ie/wp-content/uploads/2018/05/20180319GDPRNAA_GuidanceNote_1.pdf .

Tá sé de cheart agat gearán a chur isteach leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí, féach

www.dataprotection.ie

Sonraí Teagmhála

Is í an Roinn Oideachais agus Scileanna a dhéanann rialú sonraí ar phróiseáil do shonraí. Má tá aon cheist agat maidir leis seo is féidir leat teagmháil a dhéanamh le pension section nó tríd an rphost pensions@education.gov.ie nó tríd an bpost ag an Roinn Oideachais agus Scileanna,Corr na Madadh, Athlone Westmeath. N37 X659

Is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach um Chosaint Sonraí na Roinne ach ríomhphost a chur chuig dpo@education.gov.ie nó tríd an bpost ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, an tAonad um Chosaint Sonraí, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659.